


## Gníomhaíocht Daltaí: Iolrú uimhreacha coimpléascacha a Iniúchadh

Déan in éineacht leis na comhaid idirghníomhacha, 'Iolrú uimhreacha coimpléascacha 1' agus 'Iolrú uimhreacha coimpléascacha 2', ar CD an Dalta.



1. Faigh  $Z_1$  iolraithe faoi  $Z_2$  i ngach sampla thíos. Seiceáil do chuid freagraí leis an gcomhad idirghníomhach 'Iolrú uimhreacha coimpléascacha 1'.

		$Z_1 * Z_2$
a.	$z_1 = 3 + 2i$ agus $z_2 = 1 + 4i$	
b.	$z_1 = 2 + 4i$ agus $z_2 = 1 - 3i$	
c.	$z_1 = -3 + 4i$ agus $z_2 = 1 - 2i$	
d.	$z_1 = -1 - 3i$ agus $z_2 = -2 - 1i$	
e.	$z_1 = i$ agus $z_2 = 2 + i$	

f.	$z_1 = i$ agus $z_2 = i$	
g.	$z_1 = i$ agus $z_2 = -i$	
h.	$z_1 = 1$ agus $z_2 = -1$	
i.	$z_1 = 1$ agus $z_2 = -i$	
j.	$z_1 = 1 + \sqrt{25}i$ agus $z_2 = -2\sqrt{9}i$	
k.	$Z_1 = -1 - i$ agus $Z_2 = -2 - i$	
l.	$Z_1 = -2 - i$ agus $Z_2 = -1 - i$	

2. Má tá  $z_1 = a + ib$  agus  $z_2 = c + id$  féach an bhfuil  $z_1 z_2 = z_2 z_1$  do na huimhreacha coimpléascacha uile.

---



---



---



---

**Úsáid an comhad Idirghníomhach 'Iolrú uimhreacha coimpléascacha 2' chun na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.**

3. Má iolraítear uimhir choimpléascach faoi uimhir réadach, cén coibhneas a bhíonn idir an uillinn a rinne an bhunuimhir choimpléascach leis an Ais Réadach agus an uillinn a dhéanann an uimhir choimpléascach nua leis an Ais Réadach?

---

---

4. Má iolraítear uimhir choimpléascach faoi uimhir réadach, cén coibhneas a bhíonn idir an modal a bhí ag an mbunuimhir choimpléascach agus an modal atá ag an toradh?

---

---

5. Nuair a iolraítear dhá uimhir choimpléascacha, cén coibhneas a bhíonn idir an uillinn a dhéanann gach uimhir choimpléascach díobh leis an Ais Réadach agus an uillinn a dhéanann a dtoradh leis an Ais Réadach?

---

---

6. Nuair a iolraítear dhá uimhir choimpléascacha, cén coibhneas a bhíonn idir modal gach uimhir choimpléascach díobh agus modal a dtoraidh?

---

---

7. Nuair a iolraítear uimhir choimpléascach faoina comhchuingeach choimpléascach, cén uillinn a dhéanann an toradh leis an Ais Réadach dheimhneach?

---

---

8. Cé mhéad céim de rothlú a dhéantar ar  $a + bi$  nuair a iolraítear é faoi  $i$ ?

---

---

9. Nuair a iolraítear uimhir choimpléascach ar bith  $a + bi$  faoi  $i$  cén coibhneas a bhíonn idir modal  $a + bi$  agus modal an toraidh?

---

---